# Tomhais: Ag tomhas – Moltaí don fhoghlaim sa bhaile

## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi tomhas

Nuair a dhéanaimid rud éigin a thomhas, táimid ag déanamh amach "cá mhéad" de cháilíocht áirithe atá ag baint leis. Mar shampla, cé chomh fada is atá sé, cé chomh trom is atá sé, cé mhéad spáis a thógann sé suas, agus araile. Bainimid úsáid as uirlisí amhail rialóirí, scálaí, nó cupáin tomhais leis seo a dhéanamh. Cabhraíonn na huirlisí sin linn a bheith níos cruinne, go háirithe nuair a bhainimid úsáid as aonaid chaighdeánacha cosúil le méadair, cileagraim, srl. atá mar mhodhanna tomhais atá comhaontaithe agus ar féidir le gach duine ciall a bhaint astu. Tagann páistí chun na scoile le tuiscintí matamaitice forbartha luatha óna dtaithí phearsanta, rud a fhorbraítear a thuilleadh ar scoil. Is réimse matamaitice é an tomhas a úsáidimid an t-am ar fad sa saol laethúil. Cabhróidh tuiscint níos doimhne ar an tomhas le do pháiste tuiscint a fháil ar an domhan mórthimpeall.

### SMAOINTE CHUN TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM

- Úsáid teanga an tomhais sa bhaile maidir le fad, meáchan, toilleadh agus achar agus tarraing aird ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le tomhas, m.sh., *dáileoga atá molta maidir le cógais, méid ceart glantaigh le húsáid, cinneadh a dhéanamh maidir le hamanna cócaireachta do bhianna ag brath ar mheáchan*.
- Iarr ar do pháiste a chuid eolais ar thomhais a úsáid agus é ag bácáil, m.sh., *comhábhair a mheá, leachtanna a thomhas*. Oiriúnaigh oidis ag brath ar an méid is gá, m.sh., *más gá dúinn líon na mborróg a dhúbailt, cé mhéad plúir atá ag teastáil uainn?*
- Fiosraigh an chaoi a n-úsáidtear tomhais in aerfoirt chun toisí an bhagáiste a mheá agus a thomhas agus déan málaí nó cásanna a sheiceáil sa bhaile i leith oiriúnachta de.
- Lig do pháistí a bheith páirteach i dtagarmharcanna a chruthú nó a fhiosrú sa bhaile/ón mbaile ar féidir leo cabhrú leo tomhais anaithnide a mheas, m.sh., *má tá sé ar eolas agam go bhfuil fad 1 mhéadar idir an tábla agus an balla, is féidir liom úsáid a bhaint as an eolas sin le meastachán a dhéanamh go bhfuil cuntar na cistine 2 mhéadar ar fad.*
- Agus tú ag siopadóireacht, spreag na páistí chun meáchan agus toilleadh na n-earraí a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil an luach is fearr á fháil agat ar do chuid airgid!
- Agus tú ag léamh le do pháiste, cuir béim ar theanga an tomhais le páistí níos óige. Maidir le páistí níos sine, úsáid suíomhanna scéil nó turais mar spreagadh chun fad a phlé.
- Bíodh baint ag páistí le turais ghearra agus fhada a phleanáil. Faigh amach faid ar líne nó úsáid léarscáileanna, agus pléigh fad an turais má bhíonn tú ag taisteal i gcarr, ag siúl, ag baint úsáid as iompar poiblí, srl.
- Agus clúdach á chur agat ar bhronntanas, tomhais toisí an bhronntanais (fad, leithead, airde) chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an achar dromchla iomlán a bheidh le clúdach le páipéar beartán agus cuir beagán breise leis le haghaidh forluí agus chun imill a fhilleadh.
- Bíodh na páistí páirteach i dtascanna a bhaineann le hachar, m.sh., *éadach boird nua a thomhas, cairpéad, páipéar balla, srl.*

### LEABHAIR



- *A Squash and a Squeeze*, Julia Donaldson, 4+ bliana d'aois
- *The Best Bug Parade*, Stuart J. Murphy, 4+ bliana d'aois
- *Might Maddie*, Stuart J. Murphy, bliana d'aois
- *Ernest*, Catherine Rayner, 4+ bliana d'aois
- *"Pardon?" Said the Giraffe*, Colin West, 5+ bliana d'aois
- *How Deep is the Sea?*, Anna Milbourne, 6+ bliana d'aois
- *How Big Was a Dinosaur?*, Anna Milbourne, 6+ bliana d'aois
- *Bigger, Better, Best!*, Stuart J. Murphy, 6+ bliana d'aois
- *The Dragon's Scales*, Sarah Albee, 6+ bliana d'aois
- *How High is the Sky?*, Anna Milbourne, 6+ bliana d'aois
- *Racing Around*, Stuart J. Murphy, 7+ mbliana d'aois
- *Sir Cumference and the Dragon of Pie*, Cindy Neuschwander, 10+ mbliana d'aois

** Cuireann do leabharlann áitiúil réimse leathan leabhar agus acmhainní ar fáil saor in aisce a thacaíonn le foghlaim mhatamaiticiúil na bpaistí a fhorbairt.*





## CLUICHÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Tomhais an fad a thaistealaíonn eitleán páipéir ag baint úsáid as aonaid tomhais chaighdeánacha agus neamhchaighdeánacha amhail coiscéimeanna, lámha, srl.
- Féach ar ghearrthóg de Limbo – an cluiche móréilimh, bunaithe ar thraidisiúin a tháinig ó Oileán na Tríonóide. Is é an aidhm ná dul ar aghaidh faoi bharra cothrománach gan titim nó an barra a bhogadh as áit de réir mar a íslítear é níos ísle gach babhta. Imir an cluiche le chéile sa bhaile agus tomhais cé chomh híseal agus a éiríonn leat!
- Dul i ngleic le dúshláin sa bhaile chun struchtúir éagsúla a dhearadh agus a chruthú, m.sh., *an túr neamhspleách is airde a thógáil ag baint úsáid as leabhair*. Spreag do pháiste chun a chuid déantús a fhiosrú, a phleanáil, a dhearadh agus a mheas.



## AG FOGHLAIM AR LÍNE



- Help My Kid Learn www.helpmykidlearn.ie
- Scoilnet https://www.scoilnet.ie/ga/bunscoil/theme-pages/mathematics/
- Seachtain Mhatamaitice na hÉireann – Zón na dTuismitheoirí www.mathsweek.ie
- Maths Eyes https://haveyougotmathseyes.com/

***Téarmaí úsáideacha le cuardach ar líne:*** *ag tomhas, tomhais, foghlaim, bunscoil, matamaitic, fad, meáchan, toilleadh, achar, méideanna, aonaid tomhais, cluichí, gníomhaíochtaí*

## EALAÍONA AGUS CEARDAÍOCHT

- Tabhair dúshlán roimh an bpáiste ealaín a chruthú le tomhais shonracha, m.sh., *róbat le lámha gearra/10cm agus cosa fada/20cm, dearadh le hachar 130 cm cearnach*.
- Bain úsáid as teanga an tomhais nuair a bhíonn an páiste i mbun tógála, m.sh., *ag súgradh le dramhealaín, struchtúir chruthaitheacha á gcruthú*.
- Fiosraigh toilleadh trí uisce daite a mheascadh i gcoimeádáin, m.sh., *crúiscíní nó buidéil*.
- Dúshláin, m.sh., *bain úsáid as bileog A4 amháin chun slabhra páipéir a dhéanamh atá níos faide ná 1m, déan coimeádán a dhearadh agus a chruthú a bhféadfaí 50 ciúb díreach ar an mbuille a chur in oiriúint ann*.
- Féach ar shaothar dealbhóirí, ailtirí agus ceardaithe den scoth, tabhair freagra ina leith agus pléigh an chaoi a ndearna siad machnamh ar thomhas ina gcuid saothair.



## DO CHUID SMAOINTE FÉIN





